Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú

Rewarding Learning

2016–17

Socruithe Measúnaithe

Maidir le daltaí sa bhliain deiridh d'Eochairchéim 3 don Chumarsáid, d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC

Ábhar

Réamhrá

Cuspóir an Leabhráin seo 1
Ordú an Mheasúnaithe 1

Cuid 1
Forbhreathnú ar na Socruithe Reachtúla Measúnaithe

1.1 Réamhrá 2
1.2 Daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu 2
1.3 Díolúintí Eile 2
1.4 Achoimre ar na Príomhghnéithe a Bhaineann leis an Mheasúnú Reachtúil 3

Cuid 2
Measúnú Múinteora

2.1 Tascanna Measúnaithe 4
2.2 Coinneáil Taifead 4
2.3 Measúnú ar Dhaltaí atá sa Bhliain Deiridh d'Eochairchéim 3 (Bliain 10) 4
2.4 Taifeadadh Torthaí 5
2.5 Breithiúnais a Thabhairt maidir leis na Leibhéil atá Bainte Amach 5
2.6 Caighdeánú Inmheánach 6

Cuid 3
Modhnóireacht

3.1 An Próiseas Modhnóireachta 7
3.2 Modhnóireacht 7
3.3 Bailiú agus Modhnóireacht na nIontrálacha 8
3.4 Modhnóireacht Leantach 8

Aguisíní

Aguisín 1: Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid 9
Aguisín 2: Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Úsáid na Matamaitice 15
Aguisín 3: Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Úsáid TFC 21

Réamhrá

Cuspóir an Leabhráin seo

Is é atá sa leabhrán seo eolas ar na socruithe reachtúla measúnaithe don Chumarsáid[1], agus d'Úsáid na Matamaitice agus d'Úsáid TFC ag Eochairchém 3.

Ordú an Mheasúnaithe

Is é an tOrdú Oideachais (2006) (Tuaisceart Éireann), a cuireadh i bhfeidhm i Lúnasa 2006, a thugann an bonn reachtúil do na socruithe measúnaithe.

Is é an leabhrán seo an Cháipéis Mheasúnaithe maidir le daltaí atá sa bhliain deiridh d'Eochairchéim 3 a ndéantar tagairt di in Ordú Oideachais (Leibhéil de Dhul Chun Cinn d'Eochairchéimeanna 1, 2 agus 3) (Tuaisceart Éireann) 2012 agus cuimsíonn sé na cáipéisí sin a aithnítear astu féin in Ailt 2b agus 2d den Ordú. Tá faisnéis mhionsonraithe ann ar na socruithe; tá míniú ann ar na gnéithe éagsúla agus ar uainiú na socruithe measúnaithe; agus cuirtear an gníomhú a chaithfidh scoileanna a dhéanamh in iúl ann.

Is le Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC ag Eochairchéim 3 sa scoilbhliain 2016/17 a bhaineann na socruithe atá leagtha amach sa Cháipéis Mheasúnaithe seo.

[1] Béarla – agus Gaeilge de réir mar is cuí i nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta

Cuid 1
Forbhreathnú ar na Socruithe Reachtúla Measúnaithe

1.1
Réamhrá

Déantar achoimre ar na príomhghnéithe a bhaineann leis na socruithe in 1.4 thíos agus tugtar cuntas níos cruinne orthu in Cuid 2.

Is de réir measúnú múinteora a dhéanfar measúnú reachtúil ar na Scileanna Traschuraclaim (Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC) ag Eochairchéim 3. Cuideoidh caighdeánú inmheánach agus an próiseas modhnóireachta leis an mheasúnú seo.

Is iad na Leibhéil reachtúla de Dhul Chun Cinn a cuireadh ar fáil chuige sin a bheidh in úsáid ag múinteoirí leis na measúnuithe a dhéanamh.

Cuirfear torthaí na ndaltaí i ndeireadh Eochairchéim 3 chuig CCEA gach bliain. Déanfaidh CCEA a chinntiú nach n-aistreofar ach an chéad trí dhigit d'uimhir RO na scoile leis na sonraí a chuirtear chuig an RO. Déanfar seo mar gheall ar an ghealltanas a thug an tIar-Aire Oideachais ina litir chuig na múinteoirí (dar dáta 18 Feabhra 2016[2]), ina ndúirt sé nach gcoinneodh an Roinn Oideachais sonraí ag leibhéal scoileanna maidir le measúnú deireadh Eochairchéime.

Tabhair do d'aire: I gcás iar-bhunscoileanna agus aonaid Ghaelscolaíochta, déanfaidh na múinteoirí na daltaí a mheasúnú sa Chumarsáid i mBéarla agus sa Chumarsáid i nGaeilge, ag deireadh Eochairchéim 3.

1.2
Daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu

Tá daltaí a bhfuil ráitis de shainriachtanais oideachais acu agus ar a ndearnadh measúnú a dhearbhaíonn go bhfuil Géardheacrachtaí Foghlama (*SLD*) acu, díolmhaithe ó mheasúnú reachtúil.

I gcás daltaí eile a bhfuil ráitis de shainriachtanais oideachais acu, is de réir mheasúnú an mhúinteora a dhéanfar measúnú orthu ar an dóigh chéanna leis an chuid is mó de dhaltaí.

I gcásanna eisceachtúla is féidir go mbeidh dalta díolmhaithe ó chuid de na socruithe measúnaithe, nó uathu uilig, má shonraítear a leithéid i ráiteas de shainriachtanais an dalta.

1.3
Díolúintí Eile

Is féidir go mbeidh cásanna ócáideacha agus eisceachtúla eile ann nuair a chinnfidh an príomhoide go mbeadh sé neamhfhóirsteanach dalta a chur faoi mheasúnú múinteora. Sna cásanna seo is féidir go bhfaighidh an dalta díolúine ó shocruithe reachtúla ar bhonn sealadach. Tá mionsonraí ar na cúinsí agus ar na nósanna imeachta a bhaineann le díolúintí sealadacha a dhéanamh leagtha amach i gCiorclán 1990/45 a d'eisigh an Roinn Oideachais i mí Lúnasa 1990 (féach www.deni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/1990-45-temporary-exceptions-curriculum.pdf).

Tá na cóid seo a leanas ann maidir le díolúintí:

E1 Ráiteas de Shainriachtanais Oideachais ina luaitear géardheacrachtaí foghlama go sonrach

E2 Ráiteas de Shainriachtanais Oideachais ina luaitear díolúintí maidir le measúnú deireadh Eochairchéime go sonrach

E3 Treoir speisialta ag brath ar mheasúnú reachtúil maidir le daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu *

E4 Treoir ghinearálta maidir le daltaí nuathagtha

E5 Treoir ghinearálta maidir le daltaí atá tinn/san otharlann

E6 Treoir ghinearálta mar gheall ar chúinsí eile

* (i) ina luaitear géardheacrachtaí foghlama go sonrach
(ii) ina luaitear díolúintí maidir le measúnú deireadh Eochairchéime go sonrach

[2] https://www.education-ni.gov.uk/publications/end-key-stage-assessment-letter-minister-odowd-february-2016

1.4
Achoimre ar na Príomhghnéithe a Bhaineann leis an Mheasúnú Reachtúil

Measúnú múinteora ar obair daltaí

Déanfaidh múinteoirí gach dalta a mheasúnú i ngach mír den Chumarsáid i mBéarla (*Talking and Listening, Reading, and Writing*), d'Úsáid na Matamaitice (na Riachtanais don scil chomh maith leis an Eolas agus Tuiscint bhainteach) agus d'Úsáid TFC (Fiosrú, Cur in iúl, Malartú, Luacháil, Taispeáint).

Déanfar daltaí in iar-bhunscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta a mheasúnú sa Chumarsáid i nGaeilge chomh maith (Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt, Léitheoireacht, agus Scríbhneoireacht).

I ndiaidh do mhúinteoirí na daltaí a mheasúnú i ngach ceann de na míreanna seo de na Scileanna Traschuraclaim, bainfidh siad úsáid as an fhaisnéis seo lena chinntiú cén leibhéal atá bainte amach ag gach dalta i ngach scil i ndeireadh na hEochairchéime.

Measúnú múinteora a thaifeadadh

Cuirfidh scoileanna measúnuithe múinteora na ndaltaí ar aghaidh chuig CCEA trí Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (*EDI*) mar atá sonraithe ar an Amchlár 'Dátaí Tábhachtacha agus Gníomhaíochtaí' (eiseofar cóip ar leith).

D'eisigh C2K eolas i dtaca leis an phróiseas seo. Tá leatháin ábhartha marcanna ar fáil in *Assessment Manager* le torthaí a thaifeadadh.

Tacaíocht maidir leis na socruithe measúnaithe

Cuirfear ionadaíocht ar fáil do gach rang Bhliain 10 le tacú leis an phróiseas measúnaithe. Cuirfidh an RO sonraí ar fáil i gciorclán.

Cuid 2
Measúnú Múinteora

Déanfaidh múinteoirí measúnú ar a gcuid daltaí agus gníomhaíochtaí measúnaithe scoilbhunaithe in úsáid acu mar chuid den obair ranga. Is féidir tascanna measúnaithe a bheith ina measc ach níor cheart gur obair bhreise nó obair nua atá i gceist.

2.1
Tascanna Measúnaithe

Ní gá do scoileanna úsáid a bhaint as Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire taobh istigh de na socruithe measúnaithe faoi choinne daltaí atá i ndeireadh Eochairchéime (Bliain 10).

Ach is féidir leis na tascanna tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí maidir le breithiúnais mheasúnaithe. Tig le múinteoirí Tascanna Measúnaithe a scríobh lena n-úsáid le daltaí a ranga féin agus fágfaidh an Córas Tacaíochta Tascanna go mbeidh CCEA in ann na tascanna seo a dhearbhú sula mbeidh siad in úsáid ag daltaí. Chomh maith leis sin, cuirfidh CCEA líon teoranta de Thascanna Measúnaithe eiseamláire ar fáil faoi choinne daltaí in Eochairchéim 3.

2.2
Coinneáil Taifead

Is í an scoil féin a shocróidh an cineál agus an réimse taifead a bheidh in úsáid le tacú le measúnú an mhúinteora. Cuirtear in iúl do scoileanna nach gá go mbeidh na socruithe seo casta, maidir le taifeadadh na measúnuithe agus le fianaise a choinneáil, ar mhaithe le riachtanais CCEA ná le riachtanais na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (*ETI*).

2.3
Measúnú ar Dhaltaí atá sa Bhliain Deiridh d'Eochairchéim 3 (Bliain 10)

Ba cheart do mhúinteoirí gach dalta a mheasúnú mar atá leagtha amach in 2.5 thíos, agus ba cheart dóibh leibhéil mheasúnaithe an mhúinteora do gach dalta a thaifeadadh in *Assessment Manager* taobh istigh de SIMS.net.

Maidir leis na Scileanna Traschuraclaim, ba cheart do mhúinteoirí, Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC a mheasúnú faoin dáta atá sonraithe san Amchlár 'Dátaí Tábhachtacha agus Gníomhaíochtaí' (eiseofar cóip ar leith).

Mar a luadh thuas agus ar mhaithe le hanaithnideacht shonraí na scoileanna a chaomhnú, ní aistreofar ach an chéad trí dhigit d'uimhir RO na scoile leis na sonraí a chuirtear chuig an RO. Ní bheidh sonraí maidir le torthaí scoileanna aonair de dhíth ar an Roinn Oideachais agus ní bhaileoidh siad iad. Beidh sonraí na Roinne Oideachais anaithnid agus ní bheidh ann ach sonraí maidir le daltaí.

Ba cheart torthaí maidir le leibhéil na ndaltaí a thuairisciú do thuismitheoirí/chaomhnóirí dhaltaí Bhliain 10 faoi dheireadh mhí Meithimh gach bliain.

Breithiúnais measúnaithe shuimitheacha a thabhairt

Ba cheart do mhúinteoirí leanúint de bheith ag baint úsáid as réimsí éagsúla d'fhaisnéis measúnaithe le breithiúnais fhaisnéiseacha a thabhairt ar an chaighdeán atá bainte amach ag daltaí. I ndiaidh do mhúinteoirí an réimse d'fhaisnéis measúnaithe atá ar fáil dóibh a mheas, déanann siad breithiúnas suimitheach bunaithe ar leibhéal a thabhairt ar an Chumarsáid, ar Úsáid na Matamaitice agus ar Úsáid TFC faoi choinne daltaí i mBliain 10.

a. An Chumarsáid

Beidh leibhéal amháin de dhíth faoi choinne gach dalta Bhliain 10 don Chumarsáid bunaithe ar na torthaí do na trí mhodh. Ba cheart dhá cheann ar a laghad de na modhanna Cumarsáide a mheasúnú ag an leibhéal atá le bronnadh nó ag an leibhéal os a chionn.

Mar shampla:

Léitheoireacht: Leibhéal 6
Scríbhneoireacht: Leibhéal 5
Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt: Leibhéal 5
Leibhéal Foriomlán na Cumarsáide: Leibhéal 5

b. Úsáid na Matamaitice

Beidh leibhéal amháin de dhíth chomh maith faoi choinne gach dalta Bhliain 10 d'Úsáid na Matamaitice – ba cheart gur toradh é seo ar mheasúnú iomlánaíoch d'fheidhmíocht dalta in Úsáid na Matamaitice bunaithe ar fhianaise ón dá mhír (i.e. 'Riachtanais' agus 'Eolas agus Tuiscint'). Le go mbainfeadh dalta leibhéal áirithe amach caithfidh sé gur léirigh sé/sí leithead agus doimhneacht na Riachtanas mar aon leis an Eolas agus Tuiscint ag an leibhéal sin.

c. Úsáid TFC

Beidh leibhéal amháin de dhíth chomh maith faoi choinne gach dalta Bhliain 10 d'Úsáid TFC. Ba cheart gur toradh é seo ar mheasúnú iomlánaíoch d'fheidhmíocht dalta in Úsáid TFC bunaithe ar fhianaise ó na cúig Riachtanas (Fiosrú, Cur in iúl, Malartú, Luacháil agus Taispeáint). Le go mbainfeadh dalta leibhéal áirithe amach caithfidh sé gur léirigh sé/sí scileanna ar thrí cinn ar a laghad de na Cúig Riachtanas ag an leibhéal measúnaithe nó ag leibhéal níos airde.

2.4
Taifeadadh Torthaí

Ba cheart torthaí na measúnuithe seo a thaifeadadh sa mhodúl *Assessment Manager* taobh istigh de SIMS.net.

Tá an measúnú ag Eochairchéim 3 ceangailte leis na riachtanais reachtúla ábhartha. Ba cheart measúnú ar dhaltaí a thaifeadadh mar seo a leanas:

Eochairchéim 3
E1–6 (faoi choinne díolúintí éagsúla)
QQ (ag obair i dtreo Leibhéal 1)
Leibhéal 1
Leibhéal 2
Leibhéal 3
Leibhéal 4
Leibhéal 5
Leibhéal 6
Leibhéal 7

2.5
Breithiúnais a Thabhairt maidir leis na Leibhéil atá Bainte Amach

Sa dóigh go mbeidh múinteoirí ábalta breithiúnas suimitheach a thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil leibhéal bainte amach ag daltaí, ba cheart a fháil amach cé acu a léirigh nó nár léirigh na daltaí go bhfuil siad inniúil ar leithead na riachtanas faoi choinne na Scile Traschuraclaim agus ar an chuid is mó de na critéir a bhaineann leis an leibhéal a meastar a bhfuil siad ag obair aige.

Agus breithiúnas á thabhairt ag múinteoirí ar an leibhéal atá bainte amach ag dalta ag deireadh Eochairchéime, moltar dóibh an leibhéal is fearr a chuireann síos ar obair an dalta a roghnú, bunaithe ar eolas, tuiscint agus scileanna an dalta. Sa dóigh go dtabharfaidh múinteoirí breithiúnas iomlán ar an leibhéal atá bainte amach ag dalta, ba cheart dóibh breithiúnais a dhéanamh bunaithe ar fheidhmíocht an dalta ina hiomláine, trasna réimse oibre.

Cuid 2
Measúnú Múinteora (ar lean)

Ba cheart do mhúinteoirí an leibhéal a roghnaítear a chur i gcomparáid leis na leibhéil siúd atá díreach taobh thuas agus taobh thíos de. Ba cheart dóibh a thuiscint gur ceapadh na Leibhéil de Dhul Chun Cinn le tógáil go céimnitheach ar eolas, tuiscint agus scileanna na leibhéal is ísle. Caithfear a chur san áireamh, mar sin, go bhfuil na scileanna a gcuirtear síos orthu ag leibhéal áirithe cuimsithe cheana féin sa chéad leibhéal eile.

Nóta Treorach:

Nuair a thugann múinteoir breithiúnas go bhfuil Leibhéal 5, mar shampla, bainte amach ag dalta, ciallaíonn 'bainte amach' go bhfuil, de réir bhreithiúnas an mhúinteora, an dalta ag feidhmiú go comhsheasmhach ag Leibhéal 5 mar:

- *tá léirithe ag an dalta go bhfuil sé/sí inniúil ar leithead na riachtanas faoi choinne na Scile Traschuraclaim agus ar an chuid is mó de na critéir a bhaineann leis an leibhéal trasna réimse na hoibre;*
- *tá léirithe ag an dalta go bhfuil sé/sí in ann a bheith ag obair go comhsheasmhach neamhspleách sa chuid is mó de ghnéithe an leibhéil; agus*
- *tig leis an dalta a bhfuil foghlamtha aige/aici a chur i bhfeidhm i gcásanna nua agus/nó i gcásanna neamhaithnide de réir mar is cuí.*

2.6
Caighdeánú Inmheánach

Is féidir go gcuirfidh próiseas an chaighdeánaithe inmheánaigh go suntasach le héifeachtacht agus le hiontaofacht an chórais mheasúnaithe ina iomláine. Ba cheart do scoileanna tabhairt faoi phróiseas an chaighdeánaithe inmheánaigh.

Cuireann aiseolas in iúl go síleann cuid mhór scoileanna gur próiseas fiúntach ann féin é an caighdeánú inmheánach, beag beann ar an dóigh a gcuidíonn sé le measúnú deireadh Eochairchéime. Is féidir tabhairt faoin chaighdeánú inmheánach am ar bith le linn na scoilbhliana agus ní chaithfidh sé a bheith ceangailte leis an amchlár faoi choinne measúnú deireadh Eochairchéime.

Ar na buntáistí a bhaineann le múinteoirí a bheith ag teacht le chéile i scoil le haontú ar chaighdeáin mheasúnaithe bunaithe ar leibhéil de dhul chun cinn tá:

- comhaontú ar chaighdeáin obair na ndaltaí sa scoil;
- forbairt ghairmiúil na múinteoirí i ngach bliainghrúpa trí chaighdeáin agus dul chun cinn sa scoil uilig a phlé le chéile; agus
- comhaontú ar na píosaí oibre a bheidh san iontráil faoi choinne modhnóireachta, má tá sé de dhíth.

Cuirfidh CCEA tacaíocht faoi choinne caighdeánú inmheánach ar fáil trí:

- ábhair threorach; agus
- cuidiú díreach ó Fhoireann Modhnóireachta CCEA, ag brath ar éileamh agus ar an am atá ar fáil.

Cuid 3
Modhnóireacht

3.1
An Próiseas Modhnóireachta

Is é an cuspóir atá leis an mhodhnóireacht a chinntiú do scoileanna agus do chomhpháirtithe eile san oideachas go bhfuil caighdeáin chuí agus chomhsheasmhacha á gcur i bhfeidhm ag scoileanna le hobair na ndaltaí a mheasúnú.

Cuirfidh **gach** scoil iontráil amháin isteach le samplaí oibre ar fáil leis an **réimse leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú sa scil** a ndéanfar modhnóireacht uirthi a léiriú. Cuirfear an '**iontráil scoile**' isteach chuig CCEA i mí Feabhra agus úsáidfear sin leis an tuiscint atá ag an scoil ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn a dhearbhú. (Ní gá samplaí oibre atá ag Leibhéal 1 a chur san iontráil scoile).

3.2
Modhnóireacht

Táthar ag dúil go dtiocfaidh na samplaí oibre do gach scil ó ghnáth-ghníomhaíochtaí atá ag dul ar aghaidh sa tseomra ranga, ag teacht ó na scéimeanna oibre. Maidir leis an fhianaise a chuirtear isteach, ní gá an obair a dhéanamh faoi choinníollacha measúnaithe rialaithe. Ba cheart gur gnáth-obair na ndaltaí í, a thagann ón teagasc agus ón fhoghlaim laethúil. Is féidir samplaí oibre ó bhliainghrúpa ar bith a úsáid agus is féidir obair ón scoilbhliain reatha nó ón scoilbhiain roimhe a úsáid.

Iontrálacha Scoile don Chumarsáid (Béarla – agus Gaeilge de réir mar is cuí i nGaelscoileanna agus in Aonaid Ghaelscolaíochta) ag Eochairchéim 3

Sa dóigh go mbeidh CCEA ábalta na caighdeáin a cuireadh i bhfeidhm a dheimhniú, ba cheart go gcuirfí na pointí seo thíos san áireamh maidir leis an obair a roghnófar d'***iontrálacha scoile*** Eochairchéim 3 sa Chumarsáid (Béarla – agus Gaeilge de réir mar is cuí i nGaelscoileanna agus in aonaid Ghaelscolaíochta):

- sé phíosa oibre a bheith ann ***ag gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú*** (is féidir Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) atá roinnte go cothrom idir Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht; agus
- comhthéacsanna éagsúla sa Léitheoireacht agus sa Scríbhneoireacht.

Maidir leis an **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile (EMA6C)** a chuirfear isteach le gach iontráil scoile, ba cheart go mbeadh cur síos **gearr** ann ar an ghníomhaíocht mheasúnaithe agus ba cheart go mbeadh míniú ann ar an fháth ar bronnadh gach leibhéal. Beidh an fhoirm seo ar fáil go leictreonach.

Ní gá do mhúinteoirí obair na ndaltaí a anótáil. Ach is féidir le múinteoirí obair a anótáil lena chinntiú go mbeidh soiléire ann sa mhodhnóireacht. Is féidir obair dalta a ndearna múinteoirí anótáil uirthi cheana féin ar mhaithe le measúnú leanúnach, a chur isteach.

Iontrálacha Scoile d'Úsáid na Matamaitice ag Eochairchéim 3

Sa dóigh go mbeidh CCEA ábalta na caighdeáin a cuireadh i bhfeidhm a dheimhniú, ba cheart go léireodh an obair a roghnófar d'***iontrálacha scoile*** Eochairchéim 3 in Úsáid na Matamaitice, réimse oibre a thugann faoin dá phríomh-mhír den Scil Traschuraclaim – na Riachtanais faoi choinne Úsáid na Matamaitice agus an tEolas agus Tuiscint a bhaineann léi.

Ba cheart go gcuirfí na pointí seo san áireamh sna samplaí oibre:

- trí phíosa oibre a bheith ann ***ag gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú*** (is féidir Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh); agus
- leithead a léiriú trasna gnéithe éagsúla den Scil Traschuraclaim.

Maidir leis an **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile (EMA6M)** a chuirfear isteach le gach iontráil scoile, ba cheart go mbeadh cur síos **gearr** ann ar an ghníomhaíocht mheasúnaithe agus ba cheart go mbeadh

míniú ann ar an fháth ar bronnadh gach leibhéal. Beidh an fhoirm seo ar fáil go leictreonach.

Ní gá do mhúinteoirí obair na ndaltaí a anótáil. Ach is féidir le múinteoirí obair a anótáil lena chinntiú go mbeidh soiléire ann sa mhodhnóireacht. Is féidir obair dalta a ndearna múinteoirí anótáil uirthi cheana féin ar mhaithe le measúnú leanúnach, a chur isteach.

Iontrálacha Scoile d'Úsáid TFC ag Eochairchéim 3

Sa dóigh go mbeidh CCEA ábalta na caighdeáin a cuireadh i bhfeidhm a dheimhniú, ba cheart na pointí seo a chur san áireamh maidir leis an obair a roghnófar d'***iontrálacha scoile*** Eochairchéim 3 in Úsáid TFC:

- cúig phíosa oibre a bheith ann* ***ag gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú*** (is féidir Tascanna Measúnaithe atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh); agus
- fianaise a bheith ann a bhaineann le Fiosrú, Cur in iúl, Malartú, Luacháil agus Taispeáint; agus
- samplaí oibre a chur san áireamh a léiríonn réimse leathan taithí ar Úsáid TFC (cineálacha éagsúla bogearraí i gcomhthéacs na Réimsí éagsúla Foghlama).

Maidir leis an **Leathán Cumhdaigh Iontráil Scoile (EMA6I)** a chuirfear isteach le gach iontráil scoile, ba cheart go mbeadh cur síos gearr ann ar an ghníomhaíocht mheasúnaithe agus ba cheart go mbeadh míniú ann ar an fháth ar bronnadh gach leibhéal. Beidh an fhoirm seo ar fáil go leictreonach.

** Tabhair do d'aire: Beidh táirge deiridh ann de ghnáth a bhaineann leis an ghníomhaíocht maidir le gach sampla d'obair dhalta, chomh maith le comha(i)d tacaíochta ó na daltaí ina bhfuil an phleanáil, an taighde a bhaineann leis an ghníomhaíocht agus na feabhsuithe a rinneadh lena chinntiú go n-oibríonn an táirge don spriocghrúpa agus don aidhm atá luaite san achoimre ar an tasc.*

Ní bhíonn fianaise de dhíth ó mhúinteoirí de ghnáth. Maidir leis na leibhéil níos ísle (2 agus 3) áfach, agus go háirithe maidir le daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach don mhúinteoir ráitis ghearra agus/nó grianghraif a chur isteach a thacaíonn leis an bhreithiúnas measúnaithe don tsampla oibre. D'fhágfadh sé sin go mbeadh táirge an dalta agus comhad nó dhó ón mhúinteoir sa tsampla amháin sin.

3.3 Bailiú agus Modhnóireacht na nIontrálacha

Maidir leis an Mhodhnóireacht don Chumarsáid agus d'Úsáid na Matamaitice, eiseoidh CCEA clúdaigh litreach agus lipéid, faoi mar atá sainithe san Amchlár 'Dátaí Tábhachtacha agus Gníomhaíochtaí' agus is sna clúdaigh seo a chuirfear ar ais na hiontrálacha an scoilbhliain sin (féach 3.1 thuas).

Maidir le hÚsáid TFC, is féidir le scoileanna:

- rochtain shealadach a thabahirt do CCEA do TFF na scoile, leis na hiontrálacha scoile a fheiceáil; nó
- iontrálacha a chur chuig CCEA ar DVD nó CD.

Déanfaidh modhnóirí gach ceann de na hiontrálacha a athbhreithniú agus cuirfear aiseolas chuig gach scoil. Aiseolas scríofa a thabharfar de ghnáth agus cuirfidh sé in iúl cé acu a léiríonn an obair san iontráil go bhfuil an caighdeán ar aon dul le scoileanna eile nó ar cheart na tráchtanna a chur san áireamh agus ansin athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin chomhaontaithe na scoile dá réir.

3.4 Modhnóireacht Leantach

Maidir leis an mhodhnóireacht leantach ní bheidh ach na scoileanna sin nár deimhníodh a dtuiscint ar na leibhéil sa mhodhnóireacht. Ní bheidh tuilleadh fianaise de dhíth ó scoileanna, ach beidh deis ann tacaíocht bhreise a fháil ó mhodhnóirí CCEA. Is féidir tuilleadh plé a dhéanamh ar an fhianaise ansin.

Cuirfear *Treoir Bhreise maidir leis na Socruithe Measúnaithe (Athbhreithnithe 2016-2017)* ar fáil le heolas maidir leis an phróiseas modhnóireachta agus eiseofar cóip ar leith di.

Aguisín 1

Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa **Chumarsáid** trasna an churaclaim:

Eochairchéim 3 (Leibhéil 1–7)

Baintear úsáid as dathanna éagsúla sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn sa Chumarsáid le gur féidir na Riachtanais a leanúint trasna na leibhéal.

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;
- ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;
- faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;
- a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;
- labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- réimse de théacsanna* a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;
- réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;
- faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;
- smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna* a thuiscint agus a fhiosrú;
- fianaise ó théacsanna* a úsáid le barúlacha a mhíniú.

Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;
- faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;
- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;
- scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

Leibhéal 1

I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse de spreagthaigh, tig le daltaí:

- éisteacht le faisnéis a thuiscint agus a fháil;
- ról duine eile a ghlacadh;
- miniúcháin ghairide agus plé simplí a thuiscint;
- treoracha gairide simplí a thuiscint agus a leanúint;
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt ar mhaithe le faisnéis faoi leith;
- stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin;
- iarracht a dhéanamh labhairt ar a gcuid eispéireas féin;
- labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad;
- teagmháil súl a dhéanamh ar mhaithe le tuiscint agus seal a ghlacadh i gcomhrá.

Agus iad ag tabhairt faoi théacsanna* trí léitheoireacht mhúnlaithe, léitheoireacht i gcomhpháirt agus léitheoireacht faoi threoir, tig le daltaí:

- tuiscint ar an bhrí a bhaineann le cló, pictiúir agus íomhánna a léiriú;
- fuaimeanna agus siollaí a aithint i bhfocail;
- a thuiscint go léirítear fuaimeanna le litreacha;
- straitéisí léitheoireachta a úsáid;
- focail, comharthaí agus siombailí coitianta áirithe a aithint sa timpeallacht;
- leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú;
- teanga atá ar eolas a bhaineann le téacsanna* a úsáid;
- ceisteanna a fhreagairt agus labhairt ar a bhfuil léite acu.

I ndiaidh scríbhneoireacht mhúnlaithe, scríbhneoireacht i gcomhpháirt agus scríbhneoireacht faoi threoir a dhéanamh, tig le daltaí:

- labhairt ar a bhfuil siad ag dul a scríobh;
- smaointe, mothúcháin agus idéanna óna n-eispéiris féin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as siombailí, pictiúir, focail, agus abairtí simplí;
- tabhairt faoi scríobh focal le fuaim a cheangal le siombail;
- tabhairt faoi eochairfhocail phearsanta a scríobh;
- litreacha cás íochtair agus litreacha cás uachtair a dhéanamh.

*Nóta ar théacsanna: Tagraíonn téacsanna do smaointe a chuirtear in eagar le

Leibhéal 2

I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse de spreagthaigh, tig le daltaí:

- príomhphointí comhrá agus míniúchán a shainaithint;
- páirt a ghlacadh i rólghlacadh, ag idirghníomhú le daoine eile;
- éisteacht le treoracha agus iad a thuiscint agus a leanúint go céimníoch;

- plé a leanúint, cur leis an phlé agus gnásanna comhrá a chomhlíonadh;
- ceisteanna a chur le tuiscint a fhorbairt;

- stór focal ginearálta a úsáid le smaointe, samhluithe agus barúlacha a chur in iúl;

- imeachtaí a chur in ord agus míniúchán a thabhairt;

- labhairt go soiléir le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad;

- comharthaíocht choirp a úsáid le rannpháirtíocht a chur in iúl.

I réimse de théacsanna* gairide simplí, ag léamh os ard agus go ciúin, tig le daltaí:

- imeachtaí agus faisnéis a thuiscint, a athinsint agus seicheamh a dhéanamh dá réir;

- réimse de straitéisí léitheoireachta a úsáid;

- faisnéis a roghnú le ceisteanna a fhreagairt;
- eolas bunúsach ar an aibítir a úsáid agus leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú;

- roinnt foirmeacha agus gnéithe de théacs* a aithint;

- ceisteanna a chur le soiléiriú a iarraidh;
- barúlacha a chur in iúl agus tuartha a dhéanamh.

I réimse d'fhoirmeacha, agus struchtúr agus eagrú simplí in úsáid, tig le daltaí:

- labhairt ar a bhfuil siad ag dul a scríobh agus ar an dóigh a gcuirfidh siad an scríbhneoireacht i láthair;
- athruithe a dhéanamh de réir critéir chomhaontaithe;

- smaointe, mothúcháin agus idéanna óna n-eispéiris féin a chur in iúl, agus stór focal simplí in úsáid;
- ciall áirithe don struchtúr agus don eagrú a léiriú;

- scríobh i bhfoirm áirithe;

- poncaíocht bhunúsach a úsáid;
- focail choitianta agus focail atá ar eolas acu a litriú agus a scríobh go hinaitheanta;
- peannaireacht inléite a dhéanamh.

Leibhéal 3

I réimse de chásanna agus le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí éagsúla, tig le daltaí:

- éisteacht le faisnéis ar leith a fháil;
- cloí le ról;

- príomhphointí plé a leanúint agus cur leis an phlé le tuiscint a chur in iúl;
- ceisteanna a chur faoina gcluineann siad ar mhaithe le tuiscint iomlán a bhaint amach;

- a mbarúlacha/smaointe a mhíniú;
- stór focal atá ag méadú a úsáid;

- imeachtaí a chur in ord agus a bhfuil le rá acu a phleanáil;

- an guth agus an tuin chainte a athrú;

- a thuiscint gur féidir go mbeidh tionchar ag comharthaíocht choirp ar an duine atá ag éisteacht.

I réimse de théacsanna* atá ag éirí níos faide, le haghaidh cuspóirí éagsúla, ag léamh os ard agus go ciúin, tig le daltaí:

- príomhphointí agus faisnéis a thuiscint agus seicheamh a dhéanamh dá réir;
- athinsint ina bhfocail féin le cruinneas ginearálta;
- tuiscint níos leithne ar theanga agus ar stór focal a léiriú;

- straitéisí léitheoireachta a roghnú agus a úsáid go neamhspleách;

- gnéithe eagrúcháin a úsáid, ord aibítre san áireamh, le faisnéis a aimsiú agus a fháil;

- a thuiscint go bhfuil foirmeacha agus gnéithe difriúla de théacs* ann;
- faisnéis ón téacs* a úsáid le tátail a bhaint;

- ceisteanna a chur agus a fhreagairt le tuiscint a leathnú;
- barúlacha a chur in iúl agus fáthanna a thabhairt.

I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh cuspóirí ar leith, tig le daltaí:

- labhairt ar a gcuid scríbhneoireachta agus í a phleanáil;
- feabhsuithe a dhéanamh ar a gcuid scríbhneoireachta;

- smaointe, mothúcháin, idéanna agus barúlacha a chur in iúl;
- struchtúr agus ord a chur ar a gcuid scríbhneoireachta;
- mionsonraí tacaithe a chur ar fáil;
- stór focal cuí atá ag méadú a úsáid;

- an fhoirm a úsáid mar is cuí;

- tús abairtí éasgúla a úsáid;
- poncaíocht agus gramadach bhunúsach a úsáid go cruinn;
- focail mhinice agus focail topaice a litriú agus a scríobh i gceart;
- peannaireacht chruinn atá comhsheasmhach maidir le méid a dhéanamh.

teachtaireacht a chur in iúl agus a chur i láthair i bhfoirmeacha scríofa, labhartha, amhairc agus siombalacha.

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;
- ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;
- faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;
- a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;
- labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- réimse de théacsanna* a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;
- réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;
- faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;
- smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna* a thuiscint agus a fhiosrú;
- fianaise ó théacsanna* a úsáid le barúlacha a mhíniú.

Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;
- faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;
- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;
- scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

Leibhéal 4

I réimse de chomhthéacsanna agus cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla á gcur san áireamh, tig le daltaí:

- éisteacht go haireach;
- ról a fhorbairt;
- cur le plé ar bhonn ábhartha;
- ceisteanna a chur faoi dhearcthaí daoine eile agus freagra cuí a thabhairt orthu;
- faisnéis, smaointe agus barúlacha a mhíniú go soiléir;
- stór focal cuí a úsáid;
- cur chuige maidir lena gcuid cainte a phleanáil;
- teicnící agus sainréim teanga a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a tharraingt;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a tharraingt.

I réimse de théacsanna* d'fhaid dhifriúla le haghaidh cuspóirí éagsúla, tig le daltaí:

- tuiscint a léiriú trí eolas a shainaithint agus a achoimriú;
- athinsint a dhéanamh;
- teanga agus stór focal níos saibhre a aithint agus a thuiscint;
- léamh go neamhspleách;
- faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí;
- príomhghnéithe a aithint agus an bhaint atá acu le foirm agus cuspóir a thuiscint;
- léirbhríonna a thuiscint agus roinnt bríonna intuigthe a aithint;
- barúlacha ar a bhfuil léite acu a mhíniú.

I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, tig le daltaí:

- pleanáil a dhéanamh agus úsáid a bhaint as an phleanáil;
- scríbhneoireacht a sheiceáil le feabhsuithe a dhéanamh sa chruinneas agus sa bhrí;
- smaointe, mothúcháin, idéanna agus barúlacha a chur in iúl, ag tabhairt fáthanna nuair is cuí;
- scríbhneoireacht a struchtúrú, úsáid paragraf san áireamh;
- brí a chur in iúl go soiléir, stór focal cuí agus leibhéal cuí mionsonraí in úsáid;
- roghnú ó réimse d'fhoirmeacha agus iad a úsáid de réir mar is cuí;
- réimse de struchtúir abairtí a úsáid;
- réimse de phoncaíocht a úsáid go cruinn;
- gramadach agus litriú cruinn a úsáid bunús an ama.

*Nóta ar théacsanna: Tagraíonn téacsanna do smaointe a chuirtear in eagar le

Leibhéal 5

I réimse de chomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla, tig le daltaí:

- éisteacht le faisnéis agus smaointe ábhartha agus iad a shainaithint;
- ionchur ábhartha a bheith acu i róil dhifriúla;

- a gcuid smaointe féin agus smaointe daoine eile a phlé;
- ceisteanna a chur le smaointe a fhiosrú agus a fhorbairt;

- cúiseanna taobh thiar de smaointe agus barúlacha a thabhairt;
- faisnéis a chur in iúl go soiléir ag baint úsáid as stór focal cruinn;

- a gcuid cainte a struchtúrú go soiléir;

- teicnící agus sainréim teanga a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a choinneáil;

- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le spéis an duine atá ag éisteacht a choinneáil.

I réimse de théacsanna* d'fhaid dhifriúla le haghaidh cuspóirí éagsúla, agus spriocghrúpaí níos leithne san áireamh, tig le daltaí:

- tuiscint a léiriú trí fhaisnéis, smaointe agus mionsonraí a shainaithint agus a achoimriú;
- saibhreas teanga agus stór focal cuí a úsáid;

- faisnéis a roghnú agus a bhainistiú ó réimse d'fhoinsí;

- cur síos ar theanga, struchtúr agus cur i láthair;
- roinnt bríonna intuigthe agus meonta a thuiscint;
- idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus barúil;

- tagairt a dhéanamh do théacs* le barúlacha a mhíniú agus conclúid a bhaint.

I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, agus cásanna foirmiúla san áireamh, tig le daltaí:

- athdhréachtú le cruinneas agus brí a fheabhsú;

- stór focal cruinn a úsáid le hidéanna, faisnéis ábhartha agus barúlacha a chur in iúl;
- scríbhneoireacht a struchtúrú go loighciúil soiléir;

- scríbhneoireacht a mheaitseáil le cuspóir agus spriocghrúpa;
- faisnéis a chur i láthair go héifeachtach, stíl fhoirmiúil á húsáid san áit chuí;

- struchtúir abairtí a chruthú a chuidíonn le brí a chur in iúl;
- réimse poncaíochta a úsáid go comhsheasmhach cruinn;
- gramadach chruinn agus litriú cruinn a úsáid.

Leibhéal 6

I réimse de chomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla, tig le daltaí:

- éisteacht le faisnéis chasta agus bríonna intuigthe a shainaithint;
- plé a chur chun cinn i róil dhifriúla;

- a dtuiscint ar smaointe daoine eile a chur i bhfocail, trí chur leis an phlé go cuí agus go fiúntach;
- ceisteanna a chur le dúshlán smaointe daoine eile a thabhairt go mothálach;

- smaointe agus barúlacha casta a chur in iúl agus a chosaint;
- faisnéis agus smaointe a mhíniú go soiléir, agus dóigheanna cuí in úsáid le tacú le príomhphointí;

- struchtúr agus ábhar na cainte a phleanáil agus a eagrú le bheith cruinn, loighciúil agus soiléir;

- teicnící agus sainréim teanga a úsáid ar mhaithe le héifeacht;

- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid ar mhaithe le héifeacht.

I réimse de théacsanna* casta, agus spriocghrúpaí níos leithne san áireamh, tig le daltaí:

- an dóigh a n-eagraítear agus a bhforbraítear príomhphointí, mionsonraí, nó idéanna a shainaithint;
- saibhreas teanga agus scileanna aistriúcháin a úsáid;

- léamh go criticiúil le comparáid a dhéanamh idir faisnéis ó réimse d'fhoinsí;
- faisnéis a luacháil agus a oiriúnú;

- éifeachtaí teanga, struchtúir agus cur i láthair a mhíniú;
- intinní údair a shainaithint;
- dearcthaí, línte réasúnaíochta agus claontacht a aimsiú;

- go leor fianaise cuí a úsáid lena n-idéanna agus lena mbarúlacha a chosaint;

I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla, cásanna foirmiúla agus cásanna neamhchoitianta san áireamh, tig le daltaí:

- scríbhneoireacht a athdhréachtú ar mhaithe le héifeacht;

- idéanna, faisnéis agus barúlacha a chur in iúl agus barúlacha a chosaint;
- faisnéis agus fianaise a úsáid le tacú le hidéanna agus le barúlacha;

- scríbhneoireacht a eagrú agus a chur i láthair ar mhaithe le héifeacht bheartaithe;
- úsáid chuí a bhaint as stíl agus ton;

- struchtúir abairtí a chuireann brí in iúl go soiléir a chruthú;
- poncaíocht a úsáid ar mhaithe le héifeacht;
- úsáid a bhaint as teanga agus abairtí casta.

teachtaireacht a chur in iúl agus a chur i láthair i bhfoirmeacha scríofa, labhartha, amhairc agus siombalacha.

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;
- ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;
- faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;
- a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;
- labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.

Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- réimse de théacsanna* a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;
- réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;
- faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;
- smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna* a thuiscint agus a fhiosrú;
- fianaise ó théacsanna* a úsáid le barúlacha a mhíniú.

Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- labhairt ar obair, í a phleanáil agus a chur in eagar;
- faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe;
- smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus i láthair i bhfoirmeacha agus i bhformáidí éagsúla, agus acmhainní traidisiúnta agus digiteacha in úsáid le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí difriúla;
- scríobh le cruinneas agus le hoilteacht atá ag méadú.

Leibhéal 7

I réimse leathan de chomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, spriocghrúpaí neamhchoitianta san áireamh, agus le haghaidh cuspóirí éagsúla, tig le daltaí:

- plé a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear faisnéis agus smaointe casta in iúl;
- cur le plé go sainiúil i róil dhifriúla;
- páirt áititheach a ghlacadh i gcinnteoireacht agus comhaontú agus dúshlán in úsáid;
- fianaise chuí ó réimse foinsí a úsáid le tacú lena mbarúlacha agus a n-argóintí;
- faisnéis chasta a chur in iúl trína míniú do dhaoine eile ar dhóigh úrnua;
- teicnící agus sainréim teanga a úsáid le faisnéis chasta agus smaointe casta a chur i láthair go héifeachtúil;
- dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid ar mhaithe le héifeacht.

Trasna réimse d'fhoinsí casta, agus spriocghrúpaí níos leithne san áireamh, tig le daltaí:

- idirdhealú a dhéanamh idir na foinsí éagsúla ag aithint a n-ábharthachta;
- faisnéis a shintéisiú ó réimse d'fhoinsí;
- éifeachtaí teanga, struchtúr agus cur i láthair a mhíniú go cruinn;
- barúlacha a fhorbairt agus a leathnú, de réir fianaise atá bunaithe ar fhaisnéis agus a roghnaíodh go maith;

I réimse d'fhoirmeacha, le haghaidh cuspóirí difriúla agus i gcomhthéacsanna difriúla, spriocghrúpaí fíora, cásanna foirmiúla agus cásanna neamhchoitianta san áireamh, tig le daltaí:

- roghanna idirdhealaitheacha a dhéanamh maidir le teanga ar mhaithe le héifeacht a chruthú;
- idéanna agus barúlacha casta a chur in iúl ar dhóigh leanúnach fhorbartha;
- faisnéis agus fianaise a úsáid le tacú lena gcuid idéanna, anailíse agus tátal;
- stíl, ton agus cur i láthair a mheaitseáil ar mhaithe le héifeacht a chruthú;
- abairtí casta a chruthú ar mhaithe le héifeacht;
- poncaíocht a úsáid ar mhaithe le héifeacht;
- úsáid a bhaint as teanga agus abairtí casta.

Aguisín 2

Leibhéil de Dhul Chun Cinn in **Úsáid na Matamaitice** trasna an churaclaim:

Eochairchéim 3 (Leibhéil 1–7)

Baintear úsáid as dathanna éagsúla sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Úsáid na Matamaitice le gur féidir na Riachtanais a leanúint trasna na leibhéal.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- na hábhair chuí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;
- eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht;
- obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;
- matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteach agus le cinntí a dhéanamh;
- modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;
- smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;
- faisnéis a aimsiú agus a bhailiú;
- faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;
- tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé agus le modhanna oibre a mhíniú;
- ábaltacht airgeadais a fhorbairt;
- TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó lena gcuid oibre a chur i láthair.

Leibhéal 1

I ngníomhaíochtaí struchtúrtha i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana, tig le daltaí:

- labhairt ar na hábhair agus ar an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid;
- roinnt nodaireacht mhatamaitice a úsáid;
- eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla;
- labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach;
- straitéisí cuntais a úsáid agus gníomhaíochtaí ar siúl;
- patrúin a lorg agus labhairt orthu;
- an fhaisnéis atá de dhíth a bhailiú agus labhairt uirthi;
- a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid;
- teanga chuí mhatamaitice a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre;

ag baint úsáid as Eolas agus Tuiscint s'acu ar:

Uimhreas agus Ailgéabar

- uimhreacha a fhad le 10 ar a laghad a úsáid, meastachán a dhéanamh orthu, iad a shuimiú agus a dhealú;
- neamhathraitheacht uimhris a thuiscint;
- réada, uimhreacha nó pictiúir a úsáid le patrúin athfhillteacha a chruthú agus le cur síos orthu;
- boinn a aithint agus a úsáid;

Cruth, Spás agus Tomhais

- an ghnáth-theanga a bhaineann le fad, 'meáchan', toilleadh agus achar a úsáid le cur síos ar thrí réad, le comparáid a dhéanamh eatarthu agus le hiad a chur in ord;
- imeachtaí coitianta a chur i seicheamh;
- bheith eolach ar laethanta na seachtaine agus a n-ord;
- amanna 'speisialta' ar an chlog a aithint;
- cruthanna 2T agus 3T a shórtáil agus tógálacha 2T agus 3T a dhéanamh agus cur síos a dhéanamh orthu;
- teanga a úsáid agus treoracha a leanúint, i gcásanna praiticiúla, maidir le suíomh agus gluaiseacht;

Láimhseáil Sonraí

- fíor-réada a shórtáil agus a rangú de réir critéar amháin agus a athshórtáil de réir critéar eile, ag úsáid léaráidí Venn, Carroll agus Crainn;
- faisnéis a bhailiú agus a thaifeadadh ag úsáid fíor-réad nó líníochtaí.

Leibhéal 2	Leibhéal 3
I ngníomhaíochtaí struchtúrtha i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana, tig le daltaí:	I ngníomhaíochtaí struchtúrtha i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana, tig le daltaí:
• labhairt ar an dóigh le tabhairt faoi ghníomhaíocht; • na hábhair, an trealamh agus an mhatamaitic a bheidh de dhíth a roghnú agus a úsáid;	• dóigheanna difriúla le tabhairt faoi ghníomhaíocht a mholadh; • na hábhair chuí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chuí a roghnú agus a úsáid;
• nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid; • a gcuid oibre praiticiúla a eagrú agus an obair atá déanta acu a sheiceáil;	• réimse de nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid; • a gcuid oibre a eagrú agus bheith eolach ar an dóigh lena cruinneas a sheiceáil;
• straitéisí a úsáid le háirimh a dhéanamh ó mheabhair agus fadhbanna á réiteach/ gníomhaíochtaí ar siúl;	• matamaitic a úsáid le fadhbanna simplí dhá chéim a réiteach; • réimse de straitéisí a úsáid le háirimh a dhéanamh ó mheabhair;
• patrúin agus gaolta a aithint agus tuartha a dhéanamh;	• patrúin agus gaolta a aimsiú agus a mhíniú agus tuartha a dhéanamh;
• an fhaisnéis atá de dhíth agus an dóigh lena bailiú a phlé; • an fhaisnéis a chur i láthair go cuí agus labhairt ar a gcuid torthaí;	• an fhaisnéis atá de dhíth a aimsiú, a bhailiú agus a thaifeadadh; • a gcuid torthaí a chur i láthair go soiléir agus réimse d'fhormáidí cuí matamaitice in úsáid acu; • a gcuid torthaí a mhíniú;
• teanga chuí mhatamaitice a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre agus ceisteanna a fhreagairt;	• teanga chuí mhatamaitice a úsáid lena modh oibre a phlé, le cur síos air agus le ceisteanna a fhreagairt;
• slánuimhreacha a fhad le 100 ar a laghad a léamh, a scríobh agus a chur in ord; • a thuiscint gurb é ionad na digite a léiríonn a luach; • fíricí uimhreacha a fhad le 10 a thabhairt chun cuimhne go gasta; • suimiú agus dealú taobh istigh de 20 ó mheabhair agus i bhfoirm scríofa; • patrúin suimithe agus dealaithe a fhad le 20 a úsáid leis an ghaol idir suimiú agus dealú a fhiosrú; • a thuiscint go bhfuil suimiú cómhalartach agus nach bhfuil dealú cómhalartach; • suimiú agus dealú taobh istigh de 100; • úsáid siombaile a thuiscint le huimhir anaithnid a chur in iúl; • leatha agus ceathrúna a thuiscint agus a úsáid; • gaolta idir na boinn uilig a fhad le £1 a thuiscint agus an t-eolas seo a úsáid le gníomhaíochtaí siopadóireachta a dhéanamh;	• slánuimhreacha a fhad le 1000 ar a laghad a thuiscint, a úsáid, a shuimiú agus a dhealú; • coincheap an ionadluacha i slánuimhreacha a thuiscint agus a úsáid; • fíricí uimhreacha a fhad le 20 a thabhairt chun cuimhne go gasta; • dhá uimhir 2 dhigit a shuimiú agus a dhealú ó mheabhair taobh istigh de 100; • garmheastachán a dhéanamh go dtí an 10 nó 100 is cóngaraí; • patrúin shimplí uimhreacha taobh istigh den chearnóg 100 a aimsiú agus cur síos orthu; • bheith eolach ar fhíricí iolraithe 2, 3, 4, 5 agus 10; • a thuiscint go bhfuil iolrú cómhalartach; • roinnt a fhiosrú agus a úsáid i gcásanna praiticiúla; • codáin shimplí a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacs; • scileanna uimhris a úsáid i gcomhthéacs airgid a fhad le £10;
• aonaid neamhchaighdeánacha a aimsiú agus a úsáid le fad, 'meáchan', toilleadh agus achar a thomhas; • an gá atá le haonaid chaighdeánacha a thuiscint agus bheith eolach ar na haonaid is coitianta a bhíonn in úsáid le fad, 'meáchan', toilleadh agus am; • laethanta na seachtaine, míonna na bliana agus na séasúir a ainmniú agus a chur in ord; • taispeántais shimplí dhigiteacha agus analógacha ar an chlog a léamh; • cruthanna coitianta 2T agus 3T a aithint agus a ainmniú; • cruthanna 2T agus 3T a shórtáil, ag tabhairt fáthanna leis an tsórtáil; • teanga a úsáid agus treoracha a leanúint, i gcásanna praiticiúla, le haghaidh gluaiseachtaí casaidh;	• aonaid chuí chaighdeánacha a roghnú agus a úsáid le fad, toilleadh, toirt, 'meáchan', am agus teocht a thomhas, a thaifeadadh agus le meastachán a dhéanamh orthu; • uirlisí simplí tomhais a léamh le cruinneas cuí; • achar cruthanna a fháil trí chearnóga iomlána agus leathchearnóga a chuntas; • féilire a léamh agus a léirmhíniú; • taispeántais dhigiteacha agus analógacha ar an chlog a léamh; • cruthanna coitianta 2T agus 3T a aithint, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu; • líne shiméadrachta amháin i gcruthanna coitianta 2T a aithint; • teasaláidí a aithint trí ghníomhaíochtaí praiticiúla; • dronuillinneacha a aithint sa timpeallacht agus coincheap uillinne mar thomhas casaidh a thuiscint; • tagairtí eangaí a úsáid i gcásanna praiticiúla;
• réada a shórtáil agus a rangú de réir dhá chritéar ag úsáid léaráidí Venn, Carroll agus Crainn; • faisnéis a bhailiú agus táblaí simplí, blocghraif, picteagraim shimplí agus léaráidí a úsáid leis na torthaí a thaifeadadh; • faisnéis a phlé agus a léirmhíniú.	• sonraí a bhaineann le tasc áirithe a bhailiú agus a thaifeadadh; • barrachairteacha agus picteagraim a tharraingt agus a lipéadú; • faisnéis ó tháblaí, ó phicteagraim, ó liostaí, ó bharrachairteacha, ó phíchairteacha simplí agus ó bhunachair shonraí a léamh agus a léirmhíniú.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

- na hábhair chuí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;
- eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht;
- obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;
- matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteach agus le cinntí a dhéanamh;
- modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;
- smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;
- faisnéis a aimsiú agus a bhailiú;
- faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;
- tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé agus le modhanna oibre a mhíniú;
- ábaltacht airgeadais a fhorbairt;
- TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó lena gcuid oibre a chur i láthair.

Leibhéal 4

I ngníomhaíochtaí a bhfuil struchtúr áirithe acu, i gcomhthéacsanna agus i gcásanna coitianta agus in amanna neamhchoitianta, tig le daltaí:

- socrú ar an dóigh le tabhairt faoi ghníomhaíocht agus an cur chuige seo a chur i gcomparáid le cur chuige daltaí eile;
- na hábhair, an trealamh agus an mhatamaitic atá de dhíth a aimsiú agus a úsáid mar is cuí;
- réimse de theicnící cuí agus nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid;
- a gcuid oibre féin a eagrú agus a bheith ag obair go córasach;
- a gcuid oibre a athbhreithniú agus cruinneas a sheiceáil;
- réimse de straitéisí fadhbréitigh a úsáid;
- réimse de straitéisí éifeachtúla a úsáid le háirimh a dhéanamh ó mheabhair;
- patrúin agus gaolta a fhiosrú agus na torthaí a úsáid le tuartha a dhéanamh;
- ráitis ghinearálta a fhiosrú lena fháil amach cé acu atá siad fíor nó nach bhfuil;
- faisnéis ábhartha a aimsiú, a eagrú agus a léirmhíniú;
- faisnéis a chur i láthair go soiléir;
- modhanna cur i láthair a chur i gcomparáid lena chéile;
- teanga chuí mhatamaitice a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus lena smaointeoireacht a mhíniú;

ag baint úsáid as Eolas agus Tuiscint s'acu ar:

Uimhreas agus Ailgéabar

- slánuimhreacha taobh istigh de 10 000 a léamh, a scríobh agus a chur in ord;
- eolas ar ionadluach a úsáid le slánuimhreacha a iolrú faoi agus a roinnt ar 10 agus 100;
- ionadluach go dtí dhá ionad de dheachúlacha a thuiscint;
- garmheastachán a dhéanamh taobh istigh de 10 000 go dtí an 10, 100 agus 1000 is cóngaraí;
- meastachán a dhéanamh ar fhreagraí ar áirimh agus garmheastachán a dhéanamh trí shlánú;
- slánuimhreacha a shuimiú, a dhealú, a iolrú agus a roinnt agus réimse de mhodhanna ó mheabhair, scríofa agus áireamháin in úsáid;
- uimhreacha a bhfuil suas le dhá ionad de dheachúlacha iontu a shuimiú agus a dhealú;
- an gaol idir suimiú agus dealú a úsáid le háirimh a sheiceáil;
- bheith eolach ar fhíricí iolraithe a fhad le 10 x 10 agus fíricí gaolmhara roinnte a fháil dá réir;
- iolraithe agus fachtóirí a thuiscint agus a úsáid;
- codáin a úsáid le cur síos ar chainníochtaí;
- áirimh shimplí a dhéanamh le codáin aonadacha;
- coibhéis codán a thuiscint;
- céatadáin shimplí a thuiscint agus a úsáid;
- rialacha simplí a chuirtear in iúl i bhfocail a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm;
- taispeántas áireamháin a léirmhíniú agus fadhbanna airgid á réiteach;
- roghanna a dhéanamh maidir le caitheamh airgid agus le luach ar airgead a fháil;
- bheith eolach ar dhóigheanna éagsúla ar féidir íoc as earraí;

Cruth, Spás agus Tomhais

- fad, 'meáchan'/mais, am agus teocht a thomhas agus meastachán a dhéanamh orthu, ag obair le cruinneas cuí;
- an gaol idir aonaid mhéadracha a thuiscint;
- tomhais choitianta a shuimiú agus a dhealú;
- meastachán a dhéanamh ar achar agus toirt cruthanna trí chearnóga/chiúbanna a chuntas;
- imlínte cruthanna simplí a fháil;
- taispeantáis dhigiteacha agus analógacha ar an chlog a thuiscint agus a úsáid, agus nodaireacht r.n., i.n. agus 24 uair in úsáid;
- airíonna cruthanna coitianta 2T agus 3T a fhiosrú;
- an gaol idir cruthanna 2T agus 3T a fhiosrú;
- línte siméadrachta a aithint agus a tharraingt i réimse de chruthanna 2T;
- bheith eolach ar ocht n-airde an chompáis;
- an teanga a bhaineann le línte, uillinneacha agus suíomh a thuiscint agus a úsáid;
- comhordanáidí sa chéad cheathrú a úsáid;

Láimhseáil Sonraí

- sonraí a bhailiú, a ghrúpáil, a thaifeadadh agus a chur i láthair ag baint úsáid as rangeatraimh a cuireadh ar fáil;
- sonraí a chur i láthair agus a léirmhíniú agus réimse de ghraif, de tháblaí, de léaráidí, de scarbhileoga agus de bhunachair shonraí in úsáid;
- teanga na dóchúlachta a thuiscint agus a úsáid.

Leibhéal 5

I ngníomhaíochtaí a bhfuil struchtúr áirithe acu, i gcomhthéacsanna agus i gcásanna coitianta agus in amanna neamhchoitianta, tig le daltaí:

- socrú ar an dóigh le tabhairt faoi ghníomhaíocht agus í a phleanáil;
- na hábhair, an trealamh, an mhatamaitic agus na straitéisí atá de dhíth a aimsiú agus a úsáid go héifeachtúil;

- réimse de theicnící cuí agus nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid;
- a gcuid oibre a phleanáil agus a dhéanamh go córasach agus go héifeachtúil;
- a gcuid oibre a athbhreithniú, a mheas cé acu atá a gcuid torthaí réasúnta nó nach bhfuil agus athruithe a dhéanamh nuair is cuí;

- réimse de straitéisí fadhbréitigh a úsáid, cur chuige éagsúil a mholadh agus a thriail nuair a bhíonn deacrachtaí ann;

- tuartha a dhéanamh agus a thástáil;
- ráitis ghinearálta bunaithe ar a gcuid torthaí a dhéanamh agus iad a thástáil trí shamplaí nua a úsáid;
- a gcuid torthaí a achoimriú;

- faisnéis atá oiriúnach agus dóthanach don ghníomhaíocht a aimsiú, a fháil, a phróiseáil agus a léirmhíniú;
- faisnéis a chur i láthair go cruinn cuí, úsáid teanga, siombailí agus léaráidí na matamaitice san áireamh;

- teanga chuí mhatamaitice a úsáid le smaointe a chur i bhfocail agus a chur in iúl go beacht;

- slánuimhreacha ar bith, dá mhéad iad, a léamh, a scríobh agus a chur in ord;
- eolas ar ionadluach a úsáid le huimhreacha a iolrú faoi agus a roinnt ar 10, 100 agus 1000;
- ionadluach go dtí trí ionad de dheachúlacha a thuiscint;
- uimhreacha deachúlacha a shlánú go dtí an tslánuimhir is cóngaraí;
- uimhreacha a bhfuil suas le dhá ionad de dheachúlacha iontu a iolrú faoi nó a roinnt ar shlánuimhir;
- áirimh a sheiceáil trí oibríochtaí inbhéartacha a chur i bhfeidhm;
- uimhreacha diúltacha a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacsanna praiticiúla;
- uimhreacha cearnacha, uimhreacha ciúbacha agus uimhreacha príomha a thuiscint agus a úsáid;
- an gaol idir codáin choitianta, deachúlacha agus céatadáin a thuiscint;
- codáin agus céatadáin de chainníochtaí a ríomh, airgead san áireamh;
- tuiscint ar choibhéis a úsáid le codáin a shuimiú agus a dhealú;
- rialacha le seichimh a dhéanamh a chumadh i bhfocail agus/nó i bhfoirm shiombalach agus iad a úsáid;
- foirmlí a chur in iúl i bhfocail agus/nó i bhfoirm shiombalach agus iad a úsáid;
- roghanna eolasacha a dhéanamh ar bhuiséadú agus ar chaiteachas pearsanta;

- aonad méadrach amháin a athrú ina aonad méadrach eile;
- na ceithre oibríocht a úsáid le fadhbanna a bhaineann le tomhais a réiteach;
- achar cearnóg, dronuilleog agus triantán dronuilleach agus toirt ciúbanna agus ciúbóideach a ríomh;
- imlíne réimse de chruthanna a fháil;
- scála a thuiscint agus a úsáid i gcomhthéacs léarscáileanna agus líníochtaí simplí;
- amchláir a léamh agus a léirmhíniú;
- cur síos ar airíonna cruthanna 2T rialta agus neamhrialta i dtéarmaí sleasa, uillinneacha, siméadrachta agus teasaláidí;
- cruthanna 2T a fhrithchaitheamh i líne;
- cur síos ar airíonna cruthanna 3T i dtéarmaí aghaidheanna, faobhar agus reann;
- líonta de chruthanna 3T a tharraingt;
- meastachán a dhéanamh ar uillinneacha suas le 360 céim, iad a thomhas, a tharraingt agus a lipéadú;

- shonraí a bhailiú, a eagrú, a thaifeadadh agus a léiriú;
- leathán bailithe sonraí a dhearadh agus a úsáid;
- réimse de ghraif, de thráblaí, de léaráidí, de scarbhileoga agus de bhunachair shonraí a dhéanamh, a lipéadú agus a léirmhíniú;
- meán agus raon a thuiscint, a ríomh agus a úsáid;
- teagmhais a chur in ord dealraitheachta.

Leibhéal 6

Trí phlé, gnáthfhadhbanna agus fadhbanna neamhghnácha a réiteach, agus a neamhspleáchas ag méadú i réimse leathan de chomhthéacsanna agus de chásanna coitianta agus neamhchoitianta, tig le daltaí:

- gníomhaíocht a phleanáil trí chéimeanna comhpháirte a aimsiú agus a chur in ord;
- réimse d'ábhair/trealamh, teicnící matamaitice agus straitéisí fadhbréitigh atá de dhíth le cuspóir na ngníomhaíochtaí a chur i gcrích a mheas agus a aimsiú;

- réimse de theicnící cuí agus nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid;
- a gcuid oibre a dhéanamh go córasach agus go héifeachtúil le méid cruinnis chuí;
- a gcuid oibre a athbhreithniú, agus gnáthaimh seiceála chuí in úsáid agus a n-éifeachtacht a mheas ag gach céim;

- an cur chuige acu a oiriúnú de réir mar is gá;

- tuartha a dhéanamh agus a thástáil, ráitis ghinearálta a dhéanamh agus tátal a bhaint;

- faisnéis ó réimse d'fhoinsí a fháil, a phróiseáil agus a léirmhíniú;
- réimse de dhóigheanna oiriúnacha a úsáid le torthaí a chur in iúl, ag cloí le gnásanna aitheanta;

- teanga/nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid lena gcuid oibre a chur in iúl agus a mhíniú do spriocghrúpa níos leithne;

- áirimh a dhéanamh le slánuimhreacha ar bith, dá mhéad iad;
- deachúlacha a shuimiú, a dhealú, a iolrú agus a roinnt;
- uimhreacha a shlánú go dtí líon áirithe ionad de dheachúlacha;
- ord tosaíochta in áirimh uimhriúla a thuiscint agus a úsáid, agus úsáid lúibíní san áireamh;
- fréamhacha cearnacha a thuiscint agus a ríomh;
- cóimheas agus comhréir a thuiscint, a úsáid agus a ríomh;
- codáin a shuimiú agus a dhealú, uimhreacha measctha san áireamh;
- coibhéisí idir codáin, deachúlacha agus céatadáin a úsáid le fadhbanna a réiteach;
- méadú agus laghdú céatadánach a ríomh i gcomhthéacsanna ábhartha;
- foirmlí cuí a úsáid;
- nodaireacht ghnásúil a úsáid in ailgéabar;
- graif a bhaineann le cásanna fíora a úsáid agus a léirmhíniú;
- coincheapa matamaitice a chur i bhfeidhm i réimse de chásanna airgeadais;

- tomhais ina n-aonaid mhéadracha agus, nuair is cuí, ina n-aonaid impiriúla, a úsáid, a athrú agus a ríomh;
- imlíne agus achar cruthanna ilchodacha atá déanta de chearnóga, dronuilleoga agus triantáin a ríomh;
- achar dromchla agus toirteanna ilchodacha ciúbanna agus ciúbóideach a ríomh;
- imlíne agus achar ciorcal a ríomh;
- scála a úsáid le toisí a oibriú amach;
- tomhais chomhshuite a thuiscint agus a úsáid;
- léiriúcháin 2T de chruthanna 3T a aithint;
- comhordanáidí sna ceithre cheathrú a úsáid;

- modhanna éagsúla a úsáid le sonraí scoite agus sonraí leanúnacha a bhailiú agus a thaifeadadh;
- sonraí scoite agus sonraí leanúnacha a úsáid le léaráidí agus graif éagsúla a dhéanamh agus iad a léirmhíniú;
- an t-airmheán agus an mód a fháil agus a úsáid;
- an meán, an t-airmheán agus an mód de dháileadh minicíochta a mheas;
- tomhas amháin ar an mheán a úsáid le dhá thacar de shonraí a chur i gcomparáid;
- scála na dóchúlachta ó 0 go dtí 1 a thuiscint agus a úsáid le dealraitheacht nó comparáideacht a chur in iúl.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid na Matamaitice

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Leibhéal 7

Trí phlé, gnáthfhadhbanna agus fadhbanna neamhghnácha a réiteach, agus a neamhspleáchas ag méadú i réimse leathan de chomhthéacsanna agus de chásanna coitianta agus neamhchoitianta, tig le daltaí:

• na hábhair chuí, an trealamh cuí agus an mhatamaitic chuí a roghnú le húsáid i gcás ar leith;	• gníomhaíocht a phleanáil, agus na fáthanna ar roghnaigh siad struchtúr agus cur chuige áirithe a mhíniú; • na hábhair/trealamh, teicnící matamaitice agus straitéisí fadhbréitigh atá de dhíth a mheas agus a aimsiú agus cosaint áirithe a bheith ann;
• eolas agus coincheapa na matamaitice a úsáid go beacht; • obair go córasach agus a gcuid oibre a sheiceáil;	• réimse de theicnící cuí agus nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid; • athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar a rathúla a bhí a gcuid gníomhaíochtaí, seiceáil a oiriúnaí atá leibhéal a gcruinnis agus a gcuid torthaí, agus srianta ar bith a mheas;
• matamaitic a úsáid le fadhbanna a réiteach agus le cinntí a dhéanamh; • modhanna agus straitéisí a fhorbairt, ar a n-áirítear an mheabhairmhatamaitic;	• roinnt cur chuige eile a mheas agus a oiriúnú de réir mar is gá;
• smaointe a fhiosrú, tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus smaoineamh go cruthaitheach;	• tuartha a dhéanamh agus a thástáil agus na teoiricí ginearálta acu a chosaint;
• faisnéis a aimsiú agus a bhailiú; • faisnéis a léamh, a léirmhíniú, a eagrú agus a chur i láthair i bhformáidí matamaitice;	• sonraí/faisnéis ó níos mó ná foinse amháin a mheas, a aimsiú, a fháil agus a anailísiú; • na modhanna is cuí a roghnú agus a úsáid le torthaí a chur in iúl, ag cloí le gnásanna aitheanta;
• tuiscint agus teanga na matamaitice a úsáid le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, le labhairt ar smaointe agus iad a phlé agus le modhanna oibre a mhíniú;	• teanga/nodaireacht chuí mhatamaitice a úsáid lena gcuid torthaí nó lena gcuid réiteach a mhíniú agus a chosaint;
• ábaltacht airgeadais a fhorbairt;	
• TFC a úsáid le fadhbanna a réiteach agus/nó lena gcuid oibre a chur i láthair.	

ag baint úsáid as Eolas agus Tuiscint s'acu ar:

Uimhreas agus Ailgéabar	• ardfheidhmeanna áireamháin a úsáid le háirimh chasta a dhéanamh; • uimhreacha a shlánú go dtí líon cuí ionad de dheachúlacha agus d'fhigiúirí bunúsacha; • na ceithre oibríocht a úsáid le codáin; • an bhunchainníocht a fháil nuair a thugtar an toradh ar athrú céatadánach; • athrú comhréireach leantach a ríomh; • cothromóidí líneacha a fhoirmliú; • sloinn, cothromóidí agus foirmlí simplí ailgéabair a ionramháil; • dhá chothromóid líneacha a réiteach go comhuaineach trí ghraf a tharraingt; • cinntí eolasacha a bhaineann le hairgead a dhéanamh;
Cruth, Spás agus Tomhais	• áirimh faid agus achair a dhéanamh ar chruthanna ilchodacha agus áirimh a bhaineann leis an chiorcal san áireamh; • fadhbanna casta a bhaineann le himlíne, le hachar dromchla agus le toirt a réiteach; • a thuiscint gurb ionann an lamháil earráide agus leath an aonaid tomhais; • cruth 2T a mhéadú de réir fachtóir scála áirithe; • treo-uillinneacha 3 fhigiúr a úsáid le treo a shainmhíniú; • Teoirim Phíotágaráis a thuiscint agus a chur i bhfeidhm;
Láimhseáil Sonraí	• a gcuid fiosriúchán féin a dhéanamh agus modhanna cuí bailithe sonraí in úsáid, agus a gcuid torthaí a léirmhíniú agus a léiriú; • tacair de shonraí leanúnacha a úsáid le táblaí agus léaráidí minicíochta a dhéanamh agus iad a léirmhíniú; • meastachán a dhéanamh ar mheán tacar sonraí grúpáilte agus teorainneacha an ghrúpa airmheánaigh agus an ghrúpa mhódúil a aimsiú; • an meán is cuí (meán, airmheán nó mód) a roghnú le haghaidh fiosrúchán áirithe; • minicíocht choibhneasta a thuiscint agus a úsáid mar mheastachán dóchúlachta, agus an mhinicíocht ionchais a ríomh; • a gcuid eolais ar rialacha na dóchúlachta a chur i bhfeidhm le toradh nó teaglaim de thorthaí a ríomh.

Aguisín 3

Leibhéil de Dhul Chun Cinn in **Úsáid TFC** trasna an churaclaim:

Eochairchéim 3 (Leibhéil 1–7)

Baintear úsáid as dathanna éagsúla sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn in Úsáid TFC le gur féidir na Riachtanais a leanúint trasna na leibhéal.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid TFC

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna in Úsáid TFC a fhorbairt.

Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí eolas agus tuiscint ar r-shábháilteacht agus ar iompar inghlactha ar líne a fhorbairt.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

	Leibhéal 1	Leibhéal 2
	Tig le daltaí:	Tig le daltaí:
Fiosrú		
• **faisnéis ó fhoinsí sábháilte iontaofa a rochtain, a roghnú, a léirmhíniú agus a thaighde;** • **idirghníomhú le huirlisí digiteacha le fiosrú agus le tuartha a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.**	• faisnéis ó fhoinse áirithe dhigiteach a aimsiú agus a roghnú; • gléas digiteach nó timpeallacht dhigiteach a fhiosrú agus idirghníomhú leis/léi.	• faisnéis ó fhoinse áirithe dhigiteach a aimsiú, a roghnú agus a úsáid; • sraith treoracha a leanúint, agus gléas digiteach nó timpeallacht dhigiteach in úsáid acu.
Cur in iúl		
• **smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú agus réimse de mheáin dhigiteacha in úsáid acu; agus réimse ábhar a ionramháil le táirgí ilmheánacha a chruthú.**	• smaointe a chur in iúl trí phictiúir a chruthú agus trí théacs a chumadh nó trína nguthú féin a chur leo.	• téacs a chruthú agus a chur in eagar ar scáileán, agus íomhánna agus/nó fuaim a chomhcheangal leis.
Malartú		
• **cumarsáid a dhéanamh go sábháilte agus go freagrach agus réimse de mhodhanna agus d'uirlisí digiteacha comhaimseartha in úsáid acu agus iad ag malartú, ag roinnt ag comhoibriú agus ag forbairt smaointe go digiteach.**	• fios a bheith acu gur féidir modhanna digiteacha a úsáid le cumarsáid a dhéanamh.	• dóigheanna a ndéantar cumarsáid dhigiteach a shainaithint agus labhairt fúthu.
Luacháil		
• **labhairt faoina gcuid oibre, í a athbhreithniú agus a fheabhsú, agus iad ag machnamh ar an phróiseas agus ar an toradh, agus ag smaoineamh ar na foinsí agus ar na háiseanna a úsáideadh, sábháilteacht, iontaofacht agus inghlacthacht san áireamh.**	• labhairt faoina gcuid oibre.	• labhairt faoin dóigh lena gcuid oibre a fheabhsú.
Taispeáint		
• **a gcuid oibre stóráilte a bhainistiú agus a chur i láthair agus a gcuid foghlama trasna an churaclaim a thaispeáint, agus TFC á húsáid go sábháilte agus go freagrach.**	• a gcuid oibre a phriontáil.	• a gcuid oibre a shábháil.

Ba chóir do dhaltaí, nuair is cuí, eolas agus

Leibhéal 3	Leibhéal 4	Leibhéal 5
Tig le daltaí:	**Tig le daltaí:**	**Tig le daltaí:**
• faisnéis ó fhoinsí áirithe digiteacha a thaighde, a roghnú, a chur in eagar agus a úsáid; • sraith treoracha a leanúint agus a chur in eagar, le tuartha a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach agus gléas digiteach nó timpeallacht dhigiteach in úsáid acu.	• acmhainní ó réimse d'fhoinsí digiteacha a thaighde, a roghnú, a chur in eagar agus a úsáid; • fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i dtimpeallacht dhigiteach.	• acmhainní ó réimse d'fhoinsí digiteacha a thaighde, a roghnú, a chur in eagar, a úsáid agus a luacháil; • fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i réimse de thimpeallachtaí digiteacha.
• smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar scáileán - é seo a chomhcheangal le rogha fhóirsteanach d'íomhánna agus/nó d'fhuaimeannna.	• acmhainní a d'aimsigh siad nó a chruthaigh siad féin a phróiseáil, téacs, sonraí, fuaim, íomhánna gluaisteacha nó socra san áireamh, agus iad seo a chomhcheangal lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, agus tuiscint ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir á léiriú acu.	• acmhainní a d'aimsigh siad nó a chruthaigh siad féin a phróiseáil, téacs, sonraí, fuaim, íomhánna gluaisteacha agus socra a chomhtháthú lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, agus tuiscint shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar an chuspóir á léiriú acu.
• modh comhaimseartha digiteach a úsáid le cumarsáid a dhéanamh, nó le cur le gníomhaíocht ar líne faoi stiúir.	• modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid, le malartú agus le comhoibriú a dhéanamh i ngníomhaíochtaí ar líne faoi stiúir.	• réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid agus le malartú a dhéanamh agus lena gcuid oibre a roinnt agus iad ag comhoibriú ar líne le piaraí.
• leasuithe a dhéanamh lena gcuid oibre a fheabhsú.	• uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú.	• uirlisí agus gnéithe fóirsteanacha TFC a úsáid lena gcuid oibre a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus le próisis agus torthaí a luacháil.
• comhadainmneacha a úsáid le hobair a shabháil agus obair a roghnú lena gcuid foghlama a thaispeáint go digiteach.	• a gcuid oibre a roghnú, a eagrú, a stóráil agus a aisghabháil lena gcuid foghlama a thaispeáint go digiteach i spás pearsantaithe.	• a gcuid oibre a eagrú, a stóráil, agus a chothabháil i spás pearsantaithe lena gcuid foghlama a thaispeáint go digiteach trasna an churaclaim.

tuiscint ar r-shábháilteacht a léiriú, iompar inghlactha ar líne san áireamh.

Riachtanais le hAghaidh Úsáid TFC

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna in Úsáid TFC a fhorbairt.

Ba chóir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí eolas agus tuiscint ar r-shábháilteacht agus ar iompar inghlactha ar líne a fhorbairt.

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

	Leibhéal 6	Leibhéal 7
Fiosrú	**Tig le daltaí:**	**Tig le daltaí:**
• **faisnéis ó fhoinsí sábháilte iontaofa a rochtain, a roghnú, a léirmhíniú agus a thaighde;**	• acmhainní ó réimse d'fhoinsí digiteacha a thaighde, a roghnú agus a luacháil, agus a bhfoinsí a chosaint agus a lua;	• acmhainní ó réimse d'fhoinsí digiteacha a d'aimsigh siad nó a chruthaigh siad, a thaighde, a roghnú agus a luacháil, agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu maidir le hábarthacht, iontaofacht agus cruinneas, agus a bhfoinsí a chosaint agus a lua;
• **idirghníomhú le huirlisí digiteacha le fiosrú agus le tuartha a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach.**	• fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i dtimpeallachtaí digiteacha trí shamhlacha a fhorbairt agus a ionramháil.	• fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i dtimpeallachtaí digiteacha trí réitigh a dhearadh le riachtanais an úsáideora deiridh a shásamh.
Cur in iúl		
• **smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú agus réimse de mheáin dhigiteacha in úsáid acu; agus réimse ábhar a ionramháil le táirgí ilmheánacha a chruthú.**	• meascán de théacs, de shonraí, d'fhuaim, d'íomhánna gluaisteacha agus socra a ionramháil agus a chomhtháthú lena bhfaisnéis agus lena dtáirgí ilmheánacha a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl do spriocghrúpaí agus do chuspóirí ar leith.	• feidhm a bhaint as réimse cuí áiseanna bogearraí, ar a n-áirítear físeán digiteach, bogearraí ceapadóireachta gréasáin agus ilmheán, le réiteach a chur ar fáil a shásóidh riachtanais an úsáideora.
Malartú		
• **cumarsáid a dhéanamh go sábháilte agus go freagrach agus réimse de mhodhanna agus d'uirlisí digiteacha comhaimseartha in úsáid acu agus iad ag malartú, ag roinnt ag comhoibriú agus ag forbairt smaointe go digiteach.**	• réimse de mhodhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le cumarsáid agus le malartú a dhéanamh agus lena bhfaisnéis agus lena dtáirgí ilmheáin a roinnt, agus iad ag comhoibriú le piaraí, le saineolaithe agus le húsáideoirí deiridh.	• feidhm a bhaint as modhanna comhaimseartha cumarsáide le malartú a dhéanamh agus le bheith ag roinnt agus ag comhoibriú le piaraí, saineolaithe agus úsáideoirí deiridh ar na smaointe agus ar an fhaisnéis atá forbartha acu agus iad, ag cur le timpeallacht chomhoibritheach dhomhanda.
Luacháil		
• **labhairt faoina gcuid oibre, í a athbhreithniú agus a fheabhsú, agus iad ag machnamh ar an phróiseas agus ar an toradh, agus ag smaoineamh ar na foinsí agus ar na háiseanna a úsáideadh, sábháilteacht, iontaofacht agus inghlacthacht san áireamh.**	• athbhreithniú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann siad as TFC agus na próisis agus na torthaí a luacháil go rialta agus a chosaint.	• athbhreithniú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann siad as TFC, an obair a thástáil agus a oiriúnú de réir mar is gá, tuairimí na n-úsáideoirí deiridh a bhailiú, freagairt dóibh agus do riachtanais na gcliant.
Taispeáint		
• **a gcuid oibre stóráilte a bhainistiú agus a chur i láthair agus a gcuid foghlama trasna an churaclaim a thaispeáint, agus TFC á húsáid go sábháilte agus go freagrach.**	• a gcuid oibre stóráilte a bhainistiú i ndíolaim dhigiteach phearsantaithe lena gcuid foghlama a thaispeáint trasna an churaclaim, agus iad ag léiriú tuiscint ar fhormáid, ar iomparthacht agus ar mhéid.	• díolaim dhigiteach atá struchtúrtha go loighciúil a bhainistiú agus a chur i láthair lena gcuid foghlama a thaispeáint trasna an churaclaim agus formáid, iomparthacht, méid, cóipcheart agus déanamh leagan a chur san áireamh.

Ba chóir do dhaltaí, nuair is cuí, eolas agus tuiscint ar r-shábháilteacht a léiriú, iompar inghlactha ar líne san áireamh.

© CCEA 2016

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning